



Uimhir 41 de 2024

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Fuatha), 2024
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 41 de 2024

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA FUATHA), 2024

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. An bhrí atá le sainghné chosanta
4. Caiteachais

CUID 2

CIONTA A BHFUIL FUATH MAR THROMÚ ORTHU

5. Leasú ar an Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991
6. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994
7. Leasú ar an Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997
8. Fuath in aghaidh daoine mar gheall ar a sainghnéithe cosanta a bheith ina thoisc thromúcháin nuair a bheidh pianbhreith á gearradh mar gheall ar chionta áirithe

CUID 3

LEASUITHE AR ACHTACHÁIN EILE

9. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976
10. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1994
11. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997
12. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000
13. Leasú ar alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 2003
14. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005

15. Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2006
16. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007
17. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 2010
18. Leasú ar an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012
19. Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012
20. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013
21. Leasú ar alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016
22. Leasú ar alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017
23. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí), 2018
24. Leasú ar alt 1 den Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse Sheach-Chríochach), 2019

[2024.]

*An tAcht um Cheartas Coiriúil
(Cionta Fuatha), 2024.*

[Uimh. 41.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Bannaí, 1997 (Uimh. 16)

An tAcht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 (Uimh. 31)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 (Uimh. 2)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 2003 (Uimh. 16)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000 (Uimh. 16)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016 (Uimh. 4)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 (Uimh. 2)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017 (Uimh. 28)

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012 (Uimh. 24)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006 (Uimh. 26)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2007 (Uimh. 29)

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Dlínse Sheach-Chríochach), 2019 (Uimh. 6)

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976 (Uimh. 14)

An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 2010 (Uimh. 27)

An tAcht um Stádas Comhionann, 2000 (Uimh. 8)

An tAcht um Eiseachadadh (Leasú), 1994 (Uimh. 6)

An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 (Uimh. 47)

An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (Uimh. 26)

An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989 (Uimh. 19)

An tAcht um Rialáil Tacsaithe, 2013 (Uimh. 37)



Uimhir 41 de 2024

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (CIONTA FUATHA), 2024

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú san Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991, san Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 agus san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 maidir le cionta áirithe a mbeidh fuath mar thromú orthu; chun na críche sin, do dhéanamh socrú maidir le leasuithe ar na hachtacháin sin agus ar achtacháin eile; do dhéanamh socrú, i leith cionta áirithe, maidir le fuath in aghaidh duine nó grúpa daoine mar gheall ar shainghnéithe áirithe (dá ngairtear sainghnéithe cosanta) de chuid an duine nó an ghrúpa daoine a bheith ina thoisc thromúcháin le linn pianbhreitheanna a ghearradh mar gheall ar na cionta sin; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[29 Deireadh Fómhair 2024]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Fuatha), 2024 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir críoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú

2. San Acht seo—

ciallaíonn “fuath” fuath in aghaidh duine nó grúpa daoine sa Stát nó in áit eile mar gheall ar a gcuid sainghnéithe cosanta nó mar gheall ar aon cheann de na sainghnéithe sin;

déanfar “sainghné chosanta” a fhorléiriú de réir *alt 3*.

An bhrí atá le sainghné chosanta

3. (1) San Acht seo, ciallaíonn “sainghné chosanta”, i ndáil le duine nó le grúpa daoine, aon cheann díobh seo a leanas, eadhon—
- (a) cine,
 - (b) dath,
 - (c) náisiúntacht,
 - (d) creideamh,
 - (e) bunadh náisiúnta nó eitneach,
 - (f) ginealach,
 - (g) inscne,
 - (h) sainghnéithe gnéis,
 - (i) gnéaschlaonadh, nó
 - (j) míchumas.
- (2) San Acht seo, i ndáil leis na sainghnéithe cosanta—
- (a) folaíonn tagairtí do “creideamh” tagairtí d’áitiús creidimh nó creideamh a bheith in easnamh,
 - (b) folaíonn tagairtí do “ginealach” tagairtí do dhaoine nó do ghrúpaí daoine a shíolraíonn ó dhaoine a d’fhéadfaí a shainathint trí shainghnéithe áirithe (amhail cine nó dath), ach ní gá gurb ann fós do na sainghnéithe sin go léir,
 - (c) folaíonn tagairtí do “bunadh náisiúnta nó eitneach” tagairtí do dhuine a bheith ina dhuine nó ina duine den Lucht Siúil (de réir bhrí alt 2(1) den Acht um Stádas Comhionann, 2000),
 - (d) ciallaíonn “inscne” inscne duine nó an inscne a mbeidh sé sainráite ag an duine gurb í rogha inscne an duine í nó gurb í an inscne í lena n-ionannaíonn an duine agus folaíonn sé trasinscne agus inscne seachas na hinscní sin arb iad an inscne fhíreann agus an inscne bhaineann iad,
 - (e) tá le “gnéaschlaonadh” an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) den Acht um Stádas Comhionann, 2000,
 - (f) forléireofar tagairtí do shainghnéithe gnéis mar thagairtí do ghnéithe fisiciúla agus bitheolaíocha duine ar gnéithe iad a bhaineann le gnéas, agus
 - (g) tá le “míchumas” an bhrí chéanna atá leis in alt 2(1) den Acht um Stádas Comhionann, 2000.

Caiteachais

4. Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire Dlí agus Cirt ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

CIONTA A BHFUIL FUATH MAR THROMÚ ORTHU

Leasú ar an Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991**5.** Leasaítear an tAcht um Dhamáiste Coiriúil, 1991—

(a) in alt 1—

(i) i bhfo-alt (1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘*Acht 2024*’ an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Fuatha)*, 2024;

tá le ‘fuath’ an bhrí atá leis in *alt 2 d’Acht 2024*;

tá le ‘sainghné chosanta’ an bhrí atá leis in *alt 2 d’Acht 2024*;”,

(ii) i bhfo-alt (3)—

(I) trí “i dtaca le cion faoi alt 2, 2A, 3(a) nó 4(a)” a chur in ionad “i dtaca le cion faoi alt 2, 3(a) nó 4(a)”, agus

(II) trí “beidh éifeacht le hait 2, 2A, 3(a) agus 4(a)” a chur in ionad “beidh éifeacht le hait 2, 3(a) agus 4(a)”,

agus

(iii) i bhfo-alt (3A), trí “maidir le cion faoi alt 2, 2A, 3(a) nó 4(a)” a chur in ionad “maidir le cion faoi alt 2, 3(a) nó 4(a)”,

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 2:

“Damáiste a dhéanamh do mhaoín, agus fuath mar thromú air

2A. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 2 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Maidir le cion faoi alt 2 arna dhéanamh ag duine, beidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo más rud é—

(a) i gcás gurb ann do dhuine is íospartach sonrach an chiona—

(i) an tráth a dhéanfaidh an duine an cion, nó díreach sula ndéanfaidh an duine an cion nó díreach tar éis don duine an cion a dhéanamh, go léireoidh an duine fuath i leith an íospartaigh, agus

(ii) gur fuath é arb é is cúis leis an t-íospartach a bheith ina dhuine nó ina duine de ghrúpa, nó toimhdiú go bhfuil an t-íospartach ina dhuine nó ina duine de ghrúpa, a shainítear faoi threoir sainghné chosanta,

nó

(b) cibé acu is ann nó nach ann do dhuine is íospartach sonrach an chiona, gur fuath i leith grúpa daoine, mar gheall ar an ngrúpa a shainiú faoi

threoir sainghné chosanta, is bun leis an gcion (go hiomlán nó go páirteach).

(3) Ní bhaineann sé le hábhar cibé acu atá nó nach bhfuil aon toisc eile ina cúis freisin (go feadh aon mhéid) le fuath ar thaobh duine cúisithe.

(4) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil—

(i) maidir leis an gcion faoi alt 2 a bheidh déanta ag an duine, i gcás gurb é atá ann coirloscadh faoi fho-alt (1) nó (3) den alt sin nó cion faoi fho-alt (2) den alt sin (cibé acu is coirloscadh é nó nach ea), fineáil nó príosúnacht saoil, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(ii) maidir leis an gcion faoi alt 2 a bheidh déanta ag an duine, i gcás gur cion seachas cion dá dtagraítear i bhfomhír (i) é, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 2.

(6) Chun críocha fho-alt (2)(a), maidir leis an duine ar leis nó léi an mhaoín lena mbaineann, nó a ndéileáiltear leis an maoín lena mbaineann mar mhaoín ar leis nó léi í chun críocha an Achta seo, measfar gur íospartach ciona faoi alt 2 arb éard é damáiste a dhéanamh don mhaoín sin an duine sin.

(7) San alt seo—

i ndáil le grúpa, foláionn ‘bheith ina dhuine nó ina duine de’ baint a bheith ag duine le daoine den ghrúpa;

ciallaíonn ‘toimhdiú’ toimhdiú ag an duine a mbeidh cion faoi alt 2 déanta aige nó aici.”,

(c) in alt 6(1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) le cion faoi alt 2(1), lena n-áirítear cion den sórt sin nuair a dhéantar é agus fuath mar thromú air chun críocha alt 2A,”,

agus

(d) in alt 7, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) San alt seo, folóidh tagairtí do chion faoi alt 2 tagairtí do chion den sórt sin nuair a dhéantar é agus fuath mar thromú air chun críocha alt 2A.”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994**6.** Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994—

(a) in alt 3, trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘*Acht 2024*’ an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Fuatha)*, 2024;

tá le ‘fuath’ an bhrí atá leis in *alt 2 d’Acht 2024*;

tá le ‘sainghné chosanta’ an bhrí atá leis in *alt 2 d’Acht 2024*;”,

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3:

“Fuath mar thromú ar chionta áirithe

3A. (1) Maidir le cion arna dhéanamh ag duine, beidh fuath mar thromú air chun críocha ailt 6A, 7A, 11A agus 18A más rud é—

(a) i gcás gurb ann do dhuine is íospartach sonrach an chiona—

(i) an tráth a dhéanfaidh an duine an cion, nó díreach sula ndéanfaidh an duine an cion nó díreach tar éis don duine an cion a dhéanamh, go léireoidh an duine fuath i leith an íospartaigh, agus

(ii) gur fuath é arb é is cúis leis an t-íospartach a bheith ina dhuine nó ina duine de ghrúpa, nó toimhdiú go bhfuil an t-íospartach ina dhuine nó ina duine de ghrúpa, a shainítear faoi threoir sainghné chosanta,

nó

(b) cibé acu is ann nó nach ann do dhuine is íospartach sonrach an chiona, gur fuath i leith grúpa daoine, mar gheall ar an ngrúpa a shainiú faoi threoir sainghné chosanta, is bun leis an gcion (go hiomlán nó go páirteach).

(2) Ní bhaineann sé le hábhar cibé acu atá nó nach bhfuil aon toisc eile ina cúis freisin (go feadh aon mhéid) le fuath ar thaobh duine cúisithe.

(3) San alt seo—

i ndáil le grúpa, folaíonn ‘bheith ina dhuine nó ina duine de’ baint a bheith ag duine le daoine den ghrúpa;

ciallaíonn ‘toimhdiú’ toimhdiú ag an duine a mbeidh cion faoi alt 6A, 7A, 11A nó 18A, de réir mar is cuí, déanta aige nó aici.”,

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 6:

“Tompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí, agus fuath mar thromú air

6A. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 6 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 6.”,

(d) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 7:

“Ábhar atá bagrach, maslach, tarcaisneach nó graosta a dháileadh nó a chur ar taispeáint in áit phoiblí, agus fuath mar thromú air

7A. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 7 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme C nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 7.”,

(e) in alt 8, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I bhfo-alt (1)(a), folóidh an tagairt do dhuine a bheith ag gníomhú ar mhodh atá contrártha d’fhorálacha alt 6 nó 7 tagairt do dhuine a bheith ag gníomhú ar mhodh atá contrártha d’fhorálacha an ailt lena mbaineann nuair is gníomhú é a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha alt 6A nó 7A, de réir mar is cuí.”,

(f) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 11:

“Dul isteach i bhfoirgneamh, etc., le hintinn cion a dhéanamh, agus fuath mar thromú air

11A.(1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 11 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 9 mí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 11.”,

(g) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 18:

“Ionsaí le hintinn díobháil choirp nó cion indíotáilte a dhéanamh, agus fuath mar thromú air

18A.(1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 18 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 18.”,

agus

(h) in alt 24(5)—

- (i) trí “6A,” a chur isteach i ndiaidh “6,”
- (ii) trí “7A,” a chur isteach i ndiaidh “7,”
- (iii) trí “11A,” a chur isteach i ndiaidh “11,” agus
- (iv) trí “, 18A” a chur isteach i ndiaidh “18”.

Leasú ar an Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997

7. Leasaítear an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997—

(a) in alt 1(1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Acht 2024’ an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Fuatha)*, 2024;

tá le ‘fuath’ an bhrí atá leis in *alt 2 d’Acht 2024*;

tá le ‘sainghné chosanta’ an bhrí atá leis in *alt 2 d’Acht 2024*;”,

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1:

“Fuath mar thromú ar chionta áirithe

1A. (1) Maidir le cion arna dhéanamh ag duine, beidh fuath mar thromú air chun críocha ailt 2A, 3B, 4B, 5A, 9A, 10B agus 13A más rud é—

(a) i gcás gurb ann do dhuine is íospartach sonrach an chiona—

- (i) an tráth a dhéanfaidh an duine an cion, nó díreach sula ndéanfaidh an duine an cion nó díreach tar éis don duine an cion a dhéanamh, go léireoidh an duine fuath i leith an íospartaigh, agus
- (ii) gur fuath é arb é is cúis leis an t-íospartach a bheith ina dhuine nó ina duine de ghrúpa, nó toimhdiú go bhfuil an t-íospartach ina dhuine nó ina duine de ghrúpa, a shainítear faoi threoir sainghné chosanta,

nó

(b) cibé acu is ann nó nach ann do dhuine is íospartach sonrach an chiona, gur fuath i leith grúpa daoine, mar gheall ar an ngrúpa a shainiú faoi

threoir sainghné chosanta, is bun leis an gcion (go hiomlán nó go páirteach).

- (2) Ní bhaineann sé le hábhar cibé acu atá nó nach bhfuil aon toisc eile ina cúis freisin (go feadh aon mhéid) le fuath ar thaobh duine cúisithe.

- (3) San alt seo—

i ndáil le grúpa, folaíonn ‘bheith ina dhuine nó ina duine de’ baint a bheith ag duine le daoine den ghrúpa;

ciallaíonn ‘toimhdiú’ toimhdiú ag an duine a mbeidh cion faoi alt 2A, 3B, 4B, 5A, 9A, 10B nó 13A, de réir mar is cuí, déanta aige nó aici.”

- (c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 2:

“Ionsaí, agus fuath mar thromú air

2A. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 2 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

- (2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 9 mí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

- (3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 2.”

- (d) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3A:

“Ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air

3B. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 3 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

- (2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

- (3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 3.”

- (e) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4A:

“Díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air

4B. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 4 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

- (2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht saoil, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

- (3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 4.”,

(f) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 5:

“Bagairtí duine a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air

5A. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 5 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 5.”,

(g) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9:

“Comhéigean, agus fuath mar thromú air

9A. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 9 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d’aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 7 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 9.”,

(h) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 10A:

“Ciapadh, agus fuath mar thromú air

10B. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 10(1) a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Beidh feidhm ag fo-ailt (3) go (8), (10) go (13) agus (15) d’alt 10, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le cion faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le cion faoi fho-alt (1) den alt sin.

(3) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (4) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 10(1).”,

agus

- (i) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 13:

“Cur i gcontúirt, agus fuath mar thromú air

13A. (1) Beidh duine ciontach i gcion faoin alt seo má dhéanann sé nó sí cion faoi alt 13 a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha an ailt seo.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 9 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (3) Aon duine a chúiseofar i gcion faoin alt seo féadfar, mura ndlíonn an fhianaise é nó í a chiontú i gcion faoin alt seo, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 13.”.

Fuath in aghaidh daoine mar gheall ar a sainghnéithe cosanta a bheith ina thoisc thromúcháin nuair a bheidh pianbhreith á gearradh mar gheall ar chionta áirithe

- 8. (1) Gan dochar d'aon achtachán nó riail dlí eile agus faoi réir *fho-ailt* (2) agus (3), déileálfaidh cúirt le fuath, in aghaidh duine nó grúpa daoine mar gheall ar a gcuid sainghnéithe cosanta nó mar gheall ar aon cheann de na sainghnéithe sin, ar thaobh duine le linn cion lena mbaineann an t-alt seo a dhéanamh mar thoisc thromúcháin d'fhonn an phianbhreith a bheidh le forchur ar an duine mar gheall ar an gcion sin a chinneadh.
- (2) Dá réir sin, déanfaidh an chúirt (ach amháin i gcás gur pianbhreith príosúnachta saoil an phianbhreith mar gheall ar an gcion lena mbaineann nó i gcás go measfaidh an chúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a fhágann gur chóir don chúirt gan é a dhéanamh) pianbhreith a fhorchur is mó ná an phianbhreith a d'fhorchuirfí d'éagmais toisc den sórt sin.
- (3) Ní mó an phianbhreith a fhorchuirfear ná an phianbhreith uasta is incheadaithe mar gheall ar an gcion lena mbaineann.
- (4) I gcás go ndéanfaidh cúirt pianbhreith níos mó a fhorchur de bhun an ailt seo, déanfaidh an chúirt an méid seo a leanas a lua agus a thaifeadadh sna himeachtaí—
 - (a) gur de bhun an ailt seo atá an phianbhreith níos mó á forchur, agus

- (b) sainghné chosanta nó sainghnéithe cosanta an duine nó an ghrúpa daoine lena mbaineann ar faoina treoir nó faoina dtreoir a fhorchuirfear an phianbhreith sin atá níos mó.
- (5) Ciallaíonn cion lena mbaineann an t-alt seo cion seachas cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas:
 - (a) ailt 2, 3 agus 4 den Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989;
 - (b) alt 2A (a chuirtear isteach le *halt* 5) den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991;
 - (c) ailt 6A, 7A, 11A agus 18A (a chuirtear isteach le *halt* 6) den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994;
 - (d) ailt 2A, 3B, 4B, 5A, 9A, 10B agus 13A (a chuirtear isteach le *halt* 7) den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

CUID 3

LEASUITHE AR ACHTACHÁIN EILE

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976

9. Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse), 1976—

- (a) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 6A:

“6A. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991—

- (a) fo-ailt (1) agus (4) nó fo-ailt (2) agus (4) d’alt 2 (coirloscadh);
- (b) alt 2A sa mhéid go mbaineann sé le cion ar coirloscadh é faoi alt 2 (dá dtagraítear i mír (a)) agus a mbeidh fuath mar thromú air chun críocho alt 2A (coirloscadh, agus fuath mar thromú air).”,

agus

- (b) i mír 7, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (aa):

“(ab) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1994

10. Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eiseachadadh (Leasú), 1994—

- (a) i mír 6—

- (i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (aa):

“(ab) alt 3B (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”.

agus

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ba):

“(bb) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 11:

“11. Aon chion faoi na forálacha seo a leanas den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991—

(a) alt 2(2) (damáiste a dhéanamh do mhaoín le hintinn duine a chur i gcontúirt bháis nó a bheith meargánta i dtaobh daoine a bheith i gcontúirt a n-anama);

(b) alt 2A sa mhéid go mbaineann sé le cion faoi alt 2(2) a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha alt 2A (damáiste a dhéanamh do mhaoín le hintinn duine a chur i gcontúirt bháis nó a bheith meargánta i dtaobh daoine a bheith i gcontúirt a n-anama, agus fuath mar thromú air).”.

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997

11. Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997—

(a) i mír 7—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (aa):

“(ab) alt 3B (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ba):

“(bb) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (c):

“(ca) alt 5A (bagairtí duine a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(iv) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (g):

“(ga) alt 9A (comhéigean, agus fuath mar thromú air);”,

(v) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (h):

“(ha) alt 10B (ciapadh, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(vi) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (i):

“(ia) alt 13A (cur i gcontúirt, agus fuath mar thromú air);”,

(b) i mír 8, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a):

“(aa) alt 18A (ionsaí le hintinn díobháil choirp nó cion indíotáilte a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(c) i mír 18, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a):

“(aa) alt 2A (damáiste a dhéanamh do mhaoín, agus fuath mar thromú air);”.

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000

12. Leasaítear an Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sábháilteacht Oibrithe na Náisiún Aontaithe), 2000—

(a) i gCuid I, i mír 4—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a):

“(aa) alt 2A (ionsaí, agus fuath mar thromú air);”,

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ba):

“(bb) alt 3B (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ca):

“(cb) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(iv) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (d):

“(da) alt 5A (bagairtí duine a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(v) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (f):

“(fa) alt 13A (cur i gcontúirt, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(b) i gCuid II, i mír 2, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a):

“(aa) alt 2A (damáiste a dhéanamh do mhaoín, agus fuath mar thromú air);”.

Leasú ar alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 2003

13. Leasaítear alt 3 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 2003—

(a) trí “6A,” a chur isteach i ndiaidh “6,” agus

(b) trí “7A,” a chur isteach i ndiaidh “7.”

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005**14. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005—****(a) i gCuid 1 de Sceideal 2—****(i) i mír 2—**

(I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (aa):

“(ab) alt 3B (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(II) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ba):

“(bb) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(III) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (e):

“(ea) alt 13A (cur i gcontúirt, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 5:

“5. Aon chion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991:

(a) alt 2 (damáiste a dhéanamh do mhaoín);

(b) alt 2A (damáiste a dhéanamh do mhaoín, agus fuath mar thromú air).”,

agus

(b) i gCuid 1 de Sceideal 6—**(i) i mír 2—**

(I) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a):

“(aa) alt 2A (ionsaí, agus fuath mar thromú air);”,

(II) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ba):

“(bb) alt 3B (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(III) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ca):

“(cb) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(IV) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (f):

“(fa) alt 13A (cur i gcontúirt, agus fuath mar thromú air);”,

agus

- (ii) i mír 6, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a):

“(aa) alt 2A den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 (damáiste a dhéanamh do mhaoín, agus fuath mar thromú air);”.

Leasú ar Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2006

15. Leasaítear Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2006—

- (a) i mír 1—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “alt 6 (iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí)”:

“alt 6A (iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí, agus fuath mar thromú air)”.

agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “alt 11 (dul isteach i bhfoirgneamh, etc., le hintinn cion a dhéanamh)”:

“alt 11A (dul isteach i bhfoirgneamh, etc., le hintinn cion a dhéanamh, agus fuath mar thromú air)”.

agus

- (b) i mír 2—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “alt 2 (ionsaí)”:

“alt 2A (ionsaí, agus fuath mar thromú air)”.

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “alt 3A (tachtdh neamh-mharfach nó plúchadh neamh-mharfach)”:

“alt 3B (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air)”.

- (iii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “alt 9 (comhéigean)”:

“alt 9A (comhéigean, agus fuath mar thromú air)”.

- (iv) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “alt 10 (ciapadh)”:

“alt 10B (ciapadh, agus fuath mar thromú air)”.

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007

16. Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 2007, i mír 2—

- (a) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (aa):

“(ab) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”.

agus

(b) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (b):

“(ba) alt 5A (bagairtí duine a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”.

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 2010

17. Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 2010—

(a) i mír 10, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (aa):

“(ab) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur leis i ndiaidh mhír 20:

“20A. Cion faoi alt 2A den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 (damáiste a dhéanamh do mhaoín, agus fuath mar thromú air).”.

Leasú ar an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012

18. Leasaítear an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012—

(a) in alt 14A(4)(c), trí “6A,” a chur isteach i ndiaidh “6,” agus trí “7A,” a chur isteach i ndiaidh “7,” agus

(b) i mír 17 de Sceideal 3, trí “, 18A” a chur isteach i ndiaidh “18”.

Leasú ar an Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012

19. Leasaítear an tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012—

(a) i Sceideal 1, i mír 18—

(i) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (aa):

“(ab) alt 3B (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(ii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ba):

“(bb) alt 4B (díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

(iii) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (c):

“(ca) alt 5A (bagairtí duine a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh, agus fuath mar thromú air);”,

agus

(iv) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (d):

“(da) alt 13A (cur i gcontúirt, agus fuath mar thromú air),”,

agus

(b) i Sceideal 2, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 11:

“11. Cion faoi aon fhoráil de na forálacha seo a leanas den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997—

(a) alt 3 (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh),

(b) alt 3A (tachtadh neamh-mharfach nó plúchadh neamh-mharfach),

(c) alt 3B (ionsaí is cúis le díobháil a dhéanamh, agus fuath mar thromú air).”.

Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013

20. Leasaítear Cuid 2 den Sceideal a ghabhann leis an Acht um Rialáil Tacsaithe, 2013—

(a) i mír 2, trí “faoi alt 18, 18A nó 19(1)” a chur in ionad “faoi alt 18 nó 19(1)”,

(b) i mír 3, trí “(seachas alt 2, 2A nó 16)” a chur in ionad “(seachas alt 2 nó 16)”, agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 9:

“9A. Cion faoi alt 2A den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 sa mhéid go mbaineann sé le cion faoi alt 2(2)(b) den Acht sin a mbeidh fuath mar thromú air chun críocha alt 2A den Acht sin.”.

Leasú ar alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016

21. Leasaítear alt 5(5)(c) den Acht um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016 trí “6A,” a chur isteach i ndiaidh “6,” agus “7A,” a chur isteach i ndiaidh “7,”.

Leasú ar alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017

22. Leasaítear alt 2(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, i mír (d) den mhíniú ar “beart cosanta”, trí “faoi alt 10 nó 10B den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997” a chur in ionad “faoi alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997”.

Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí), 2018

23. Leasaítear Sceideal 2 a ghabhann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí), 2018 (I.R. Uimh. 177 de 2018)—

(a) i mír 7, trí “nó 2A” a chur isteach i ndiaidh “2” sa tagairt d’ailt de chuid an Achta um Dhamáiste Coiriúil, 1991, agus

(b) i mír 12—

- (i) trí “, 18A” a chur isteach i ndiaidh “18” sa tagairt d’ailt de chuid an Achta um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994, agus
- (ii) sa tagairt d’ailt de chuid an Achta um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997—
 - (I) trí “3B,” a chur isteach i ndiaidh “3A,”
 - (II) trí “4B,” a chur isteach i ndiaidh “4A,”
 - (III) trí “5A,” a chur isteach i ndiaidh “5,”
 - (IV) trí “,” a chur isteach i ndiaidh “6,”
 - (V) trí “nó” i ndiaidh “6” a scriosadh, agus
 - (VI) trí “nó 13A” a chur isteach i ndiaidh “13”.

Leasú ar alt 1 den Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse Sheach-Chríochach), 2019

- 24.** Leasaítear alt 1 den Acht um an Dlí Coiriúil (Dlínse Sheach-Chríochach), 2019, i mír (a) den mhíniú ar “c-ion iomchuí”—
- (a) trí “3B,” a chur isteach i ndiaidh “3A,”
 - (b) trí “4B,” a chur isteach i ndiaidh “4A,”
 - (c) trí “5A,” a chur isteach i ndiaidh “5,” agus
 - (d) trí “, 9A” a chur isteach i ndiaidh “9”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.05

